BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

6 Feabhra 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála – Treoir 2011/7/AE – Idirbhearta tráchtála idir gnóthais – Airteagal 3(5) – Oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú nach rachaidh an tréimhse íocaíochta a leagtar síos i gconradh arna thabhairt i gcrích idir gnóthais thar 60 lá féilire – Féidearthacht, do na páirtithe conarthacha, tréimhsí íocaíochta níos faide a shocrú – Coinníoll a bhaineann le coinníoll sainráite conarthach tréimhse den sórt sin – Coinníoll a bhaineann le heaspa mí-úsáid fhollasach i leith an chreidiúnaí – Coinníollacha carnacha – Conarthaí a bhfuil a dtéarmaí sainmhínithe go heisiach ag ceann amháin de na páirtithe – Téarma conarthach lena socraíonn an féichiúnaí tréimhse íocaíochta 120 lá go haontaobhach – Neamhdhleathacht)

I gCás C-677/22,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Sąd Rejonowy Katowice – Wschód w Katowicach (Cúirt Dúiche Katowice Thoir in Katowice, an Pholainn), trí bhreith an 26 Meán Fómhair 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 2 Samhain 2022, sna himeachtaí

Przedsiębiorstwo Produkcyjno – Handlowo – Usługowe A.

v

P. S.A.,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Jürimäe, Uachtarán an Dara Dlísheomra, ag gníomhú di mar Uachtarán an Tríú Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag gníomhú dó mar Bhreitheamh den Tríú Dlísheomra, N. Jääskinen, M. Gavalec agus N. Piçarra (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– P. S.A., ag J. Janczewski agus A. Paniczek,

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller, J. Heitz agus M. Hellmann, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag G. Gattinara agus M. Owsiany-Hornung, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 30 Bealtaine 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO 2011 L 48, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Przedsiębiorstwo Produkcyjno – Handlowo – Usługowe A. ('A.') agus P. S.A. maidir le dlíthiúlacht téarma chonarthaigh lenar shocraigh an páirtí conarthach sin go haontaobhach tréimhse íocaíochta 120 lá féilire is infheidhme maidir le sonraisc a bhaineann leis na conarthaí a tugadh i gcrích le A.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh:

Treoir 2011/7

3 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 12, 13 agus 28 de Threoir 2011/7:

'(12) Is ionann íocaíochtaí déanacha agus sárú ar chonradh atá tarraingteach ó thaobh airgeadais de d'fhéichiúnaithe i bhformhór na mBallstát, mar gheall ar ús ar íocaíochtaí déanacha a sonrascadh a bheith íseal nó gan a bheith ann agus/nó mar gheall ar nósanna imeachta achomhairc malla. Tá gá le hathrú cinntitheach i dtreo cultúr íocaíochta tapa, inar cheart a mheas i gcónaí go bhfuil téarma conarthach nó cleachtas lena n-eisiatar an ceart chun ús a éileamh éagórach go follasach, chun an treocht sin a aisiompú agus chun íocaíochtaí déanacha a dhíspreagadh. Ba cheart a áireamh sa gharsprioc sin freisin forálacha sonracha a thabhairt isteach maidir le sprioc-amanna íocaíochta. [...]

(13) Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh chun na tréimhsí íocaíochta a leagtar síos i gconradh idir gnóthais a theorannú go 60 lá féilire, mar riail ghinearálta. Mar sin féin, d'fhéadfadh imthosca a bheith ann ina mbeadh tréimhsí íocaíochta níos faide de dhíth ar ghnóthais, mar shampla nuair is mian le gnóthais creidmheas trádála a dheonú dá gcustaiméirí. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh na páirtithe conarthacha fós in ann teacht ar chomhaontú go sainráite maidir le tréimhsí íocaíochta is faide ná 60 lá féilire, ar choinníoll, áfach, nach ionann síneadh den sórt sin agus mí-úsáid fhollasach maidir leis an gcreidiúnaí.

[...]

(28) Leis an Treoir seo, ba cheart cosc a chur ar mhí-úsáid na saoirse conartha chun míbhuntáiste an chreidiúnaí. Dá réir sin, i gcás nach bhfuil bonn cirt le clásal i gconradh nó i gcleachtas a bhaineann leis an dáta nó leis an tréimhse le haghaidh íocaíochta [...] ar bhonn na gcoinníollacha atá ag an bhféichiúnaí, nó i gcás ina bhfuil sé beartaithe go príomha leis an gclásal nó leis an gcleachtas sin leachtacht bhreise a sholáthar don fhéichiúnaí ar chostas an chreidiúnaí, féadfar a mheas gur mí-úsáid den sórt sin é. [...] Níor cheart don Treoir seo difear a dhéanamh d'fhorálacha náisiúnta maidir leis na modhanna chun conarthaí a thabhairt i gcrích [...]' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear in Airteagal 1 den Treoir sin, dar teideal 'Ábhar agus raon feidhme', i mír 1 de:

'Is é is aidhm don Treoir seo cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála, chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, agus ar an gcaoi sin iomaíochas gnóthas agus go háirithe [fiontair bheaga agus mheánmhéide] a chothú.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 De réir Airteagal 2 den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1) ciallaíonn "idirbhearta tráchtála" idirbhearta idir gnóthais nó idir gnóthais agus údaráis phoiblí as a dtagann seachadadh earraí nó soláthar seirbhísí ar luach saothair;

2) ciallaíonn "údarás poiblí" aon údarás conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(a) de [Threoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO 2004 L 134, lch. 1),] agus Airteagal 1(9) de [Threoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO 2004 L 134, lch. 114)], beag beann ar ábhar nó luach an chonartha;

3) ciallaíonn "gnóthas" aon eagraíocht, seachas údarás poiblí, atá ag gníomhú le linn a gníomhaíochta neamhspleáiche eacnamaíche nó gairmiúla, fiú i gcás inar duine aonair a dhéanann an ghníomhaíocht sin;

4) ciallaíonn "íocaíocht dhéanach" íocaíocht nach ndéantar laistigh den tréimhse íocaíochta chonarthach nó reachtúil agus i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3(1), [...];

5) ciallaíonn "ús ar íocaíocht dhéanach" ús reachtúil ar íocaíocht dhéanach nó ús ar ráta arna chomhaontú idir gnóthais, faoi réir Airteagal 7;

6) ciallaíonn "ús reachtúil ar íocaíocht dhéanach" ús simplí ar íocaíocht déanach ag ráta atá cothrom le suim an ráta tagartha agus ocht bpointe céatadáin ar a laghad;

[...]' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 3 de Threoir 2011/7, dar teideal ‘Idirbhearta idir gnóthais’, i míreanna (1), (3) agus (5) de:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit, in idirbhearta tráchtála idir gnóthais, go mbeidh an creidiúnaí i dteideal úis ar íocaíocht dhéanach gan gá le meabhrúchán, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

a) tá a oibleagáidí conarthacha agus na hoibleagáidí conarthacha dá bhforáiltear sa dlí comhlíonta ag an gcreidiúnaí;

b) níl an méid atá dlite faighte ag an gcreidiúnaí in am, ach amháin mura bhfuil an féichiúnaí freagrach as an moill.

[...]

3. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

a) go bhfuil an creidiúnaí i dteideal úis ar íocaíocht dhéanach ón lá tar éis dháta nó dheireadh na tréimhse le haghaidh íocaíochta atá socraithe sa chonradh;

[...]

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh an tréimhse le haghaidh íocaíochta a leagtar síos sa chonradh thar 60 lá féilire, mura bhfuil sé sonraithe go sainráite ar bhealach eile le conradh agus ar choinníoll nach ionann sin agus mí-úsáid fhollasach maidir leis an gcreidiúnaí de réir bhrí Airteagal 7.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 7 de Threoir 2011/7, dar teideal ‘Téarmaí agus cleachtais chonarthacha éagóracha’, i mír 1 de:

‘Forálfaidh na Ballstáit nach mbeidh téarma conarthach nó cleachtas a bhaineann leis an dáta nó leis an tréimhse le haghaidh íocaíochta [...] infheidhme, nó go mbeidh sé ina chúis le caingean le haghaidh damáistí nuair is ionann sin agus mí-úsáid fhollasach maidir leis an gcreidiúnaí.

Chun a chinneadh an ionann téarma conarthach nó cleachtas agus mí-úsáid fhollasach maidir leis an gcreidiúnaí, de réir bhrí na chéad mhíre, cuirtear gnéithe uile an cháis san áireamh, lena n-áirítear:

[...]

c) má tá aon chúis oibiachtúil ag an bhféichiúnaí imeacht [...] ó na tréimhsí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(5), [...]

[...]’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2014/25/AE

8 Faoi Airteagal 3(1) agus (4) de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO 2014 L 94, lch. 243):

‘1. Chun críoch na Treorach seo, ciallaíonn “údaráis chonarthacha” údaráis Stáit, réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí faoi rialú an dlí phoiblí nó comhlachais arna mbunú ag ceann amháin nó níos mó de na húdaráis sin nó ag ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí sin faoi rialú an dlí phobail.

[...]

4. Ciallaíonn “comhlacht faoi rialú an dlí phobail” gach comhlacht ag a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas:

a) bunaíodh é leis an gcuspóir sonrach riachtanais leasa ghinearálta a chomhlíonadh, nach bhfuil carachtar tionsclaíoch ná tráchtála aige;

b) tá pearsantacht dhlítheanach aige; agus

c) tá sé á mhaoiniú, den chuid is mó, ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla, nó ag comhlachtaí eile faoi rialú an dlí phoiblí; nó tá sé faoi réir maoirseacht bainistíochta ag na húdaráis nó na comhlachtaí sin; nó a bhfuil bord riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta aige, a bhfuil níos mó ná leath dá chomhaltaí ceaptha ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla, nó ag comhlachtaí eile faoi rialú an dlí phoiblí.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Polainne

9 Faoi Airteagal 7 den ustawa o przeciwdziałaniu nadmiernym opóźnieniom w transakcjach handlowych (Dlí maidir le moilleanna iomarcacha in idirbhearta tráchtála a chomhrac) an 8 Márta 2013 (Dz. U. de 2013, mír 403), sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh an1 Eanáir 2020 (‘Dlí an 8 Márta 2013’):

‘1. In idirbhearta tráchtála, cé is moite d’idirbhearta inar eintiteas poiblí é an féichiúnaí, beidh an creidiúnaí i dteideal, gan fógra foirmiúil, ús reachtúil a fháil ar an moill ar idirbhearta tráchtála, mura rud é gur chomhaontaigh na páirtithe ar ús níos airde, le haghaidh na tréimhse ón dáta a bhfuil an íocaíocht dlite go dtí dáta na híocaíochta, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go carnach:

1) go bhfuil an tseirbhís déanta ag an gcreidiúnaí;

2) nach bhfuil íocaíocht faighte ag an gcreidiúnaí laistigh den tréimhse a leagtar síos sa chonradh.

2. Ní fhéadfaidh an tréimhse le haghaidh íocaíochta a leagtar síos sa chonradh a bheith níos faide ná 60 lá ón dáta a sheachadtar an sonrasc nó an aighneacht chuig an bhféichiúnaí lena ndeimhnítear seachadadh na n-earraí nó soláthar na seirbhíse, mura gcomhaontaíonn na

páirtithe a mhalairt go sainráite sa chonradh agus chomh fada nach ionann an coinníoll sin agus mí-úsáid fhollasach maidir leis an gcreidiúnaí.

3. I gcás ina mbeidh an tréimhse le haghaidh íocaíochta a leagtar síos sa chonradh níos faide ná 60 lá ón dáta a sheachadtar an sonrasc nó an aighneacht lena ndeimhnítear seachadadh na n-earraí nó soláthar na seirbhíse ar an bhféichiúnaí agus nach gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear i mír 2, beidh an creidiúnaí a rinne an tseirbhís i dteideal an úis dá dtagraítear i mír 1, ar dhul in éag na tréimhse 60 lá.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tarchuireadh

10 Rinne P., cuideachta atá corpraithe faoi dhlí na Polainne atá gníomhach in eastóscadh agus díol guail, roinnt conarthaí le A., cuideachta atá faoi rialú dhlí na Polainne atá gníomhach i dtáirgeadh trealaimh mianadóireachta, chun páirteanna d'innealra atá beartaithe don mhianadóireacht a sholáthar (na 'conarthaí atá i gceist').

11 Tugadh cuid de na conarthaí sin i gcrích tar éis ceant a eagraíodh ar shuíomh gréasáin arna bhainistiú ag P., ar ar foilsíodh dálaí an mhargaidh. Tugadh conarthaí eile i gcrích tar éis nós imeachta tairisceana (poiblí nó neamhphoiblí). Sa dá chás, rinne na páirtithe téarmaí an chonartha idir na páirtithe, lena n-áirítear an tréimhse íocaíochta 120 lá, ag tosú ó dháta seachadta an tsonraisc chuig P., a chinneadh go haontaobhach.

12 I gcomhlíonadh na gconarthaí atá i gceist, d'íoc P. 354 shonrasc laistigh de 120 go 122 lá ón dáta a fuarthas iad. Ina dhiaidh sin, sheol A. nóta cuntasaíochta achomair chuici a bhain leis na méideanna a mheas sé a bheith dlite mar ús mainneachtana agus mar chúiteamh ar ráta comhréidh ar chostais aisghabhála.

13 An 31 Nollaig 2021, thug A. caingean os comhair Sąd Rejonowy Katowice – Wschód w Katowicach (an Chúirt Dúiche, Katowice Thoir, Katowice, an Pholainn), an chúirt a rinne an tarchur, ag iarraidh go n-íocfadh P. 13 702,99 zloty na Polainne (PLN) (thart ar EUR 3 100), móide ús mainneachtana reachtúil idir an dáta a taisceadh an t-iarratas agus dáta na híocaíochta, agus cnapshuim PLN 4 473,04 (thart ar EUR 975), mar chúiteamh ar chostais aisghabhála. Don tréimhse ón 61ú lá ón dáta a cuireadh isteach na sonraisc atá i gceist go dtí an dáta a íocadh na sonraisc sin go hiarbhír, ríomh A. ús mainneachtana i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Dhlí an 8 Márta 2013, lena dtrasuitear Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7 i ndlí na Polainne.

14 Éilíonn A., mar thaca lena iarratas ar ús faoin Airteagal 7 sin, gur shocraigh P. an tréimhse íocaíochta 120 lá go haontaobhach sa chonradh samplach atá ceangailte leis na sonraíochtaí tairisceana a foilsíodh ar a shuíomh gréasáin. Níor caibidlíodh an tréimhse sin idir na páirtithe tráth ar bith, ach ba thoradh í ar cheannasacht P. sa chaidreamh conarthach. Ar an gcaoi chéanna, bhí rannpháirtíocht i nós imeachta tairisceana faoi réir na gcoinníollacha a leag P. síos go haontaobhach, lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann leis an tréimhse íocaíochta 120 lá. B'éigean do A., mar gheall ar a staid eacnamaíoch, na conarthaí a bhí i gceist a thabhairt i gcrích, gan teacht ar chomhaontú riamh le P. chun an tréimhse sin a laghdú go 60 lá féilire. Sna himthosca sin, ní féidir a mheas gur shonraigh na páirtithe sa chonradh téarma conarthach den sórt sin go sainráite, de réir bhrí Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7.

15 An 26 Eanáir 2022, d'eisigh Cláraitheoir Sąd Rejonowy Katowice Wschód w Katowicach (an Chúirt Dúiche, Katowice Thoir, Katowice) ordú íocaíochta i leith P., lenar deonaíodh iarratas A ina iomláine.

16 Rinne P. agóid i gcoinne an ordaithe sin, ag cur i gcoinne na coda den ús arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Dhlí an 8 Márta 2013, a mhéid a íocadh na sonraisc laistigh den tréimhse íocaíochta 120 lá ó dháta a seachadta, mar thoradh ar na conarthaí atá i gceist. De réir P., ghlac A. leis an tréimhse sin agus, tar éis dó a bheith ar an eolas faoi shonraíochtaí na tairisceana agus tar éis dó a bheith roghnaithe, thug sé roinnt conarthaí i gcrích inar dheimhnigh sí an tréimhse sin. Ní féidir leis an tréimhse sin dochar a dhéanamh don chreidiúnaí, ós rud é go bhfuil sé cinnte go ndíolfaidh sé a chuid seirbhísí, go bhfaighidh sé ioncam agus go gcoinneoidh sé leachtacht.

17 Chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach, measann an chúirt a rinne an tarchur gur gá a chinneadh ar socraíodh an tréimhse íocaíochta is faide ná 60 lá féilire ó dháta seachadta an tsonraisc don fhéichiúnaí, a leagtar síos sna conarthaí atá i gceist, i gcomhréir leis an gcéad choinníoll a leagtar síos in Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7, ar dá réir nach mór aon tréimhse íocaíochta is faide ná 60 lá féilire a 'shonraítear go sainráite [...] le conradh'.

18 Tugann an chúirt sin dá haire, ar an gcéad dul síos, gur chinn P. go haontaobhach na téarmaí conarthacha atá i gceist, lena n-áirítear na téarmaí a bhaineann leis an tréimhse íocaíochta 120 lá. Ar an dara dul síos, tugann sí faoi deara gurb é an t-aon bhealach chun agóid a dhéanamh i gcoinne na gclásal sin, atá teoranta do na conarthaí atá i gceist a tugadh i gcrích tar éis glao poiblí ar thairiscintí, ná caingean os comhair Uachtarán Krajowa Izba Odwolawcza (Bord Achomhairc Náisiúnta, an Pholainn), caingean nár thionscain A.

19 Is iondúil go measann an chúirt sin nach gcomhlíontar an chéad choinníoll dá bhforáiltear in Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7 i gcás ina n-áirítear clásal lena socraítear tréimhse íocaíochta níos faide ná 60 lá féilire i gconradh a gcinneann ceann de na páirtithe conarthacha a théarmaí go heisiach. De réir na cúirte céanna, cé go bhféadfaidh ceann de na páirtithe, mar riail ghinearálta, téarmaí conartha a chinneadh, cé go ndréachtaíonn sé roimh ré iad nó go n-úsáideann sé samhail chonarthach, ní ghlacann an páirtí eile ach leo, amhail conradh caighdeánach, cuirtear cosc le hAirteagal 3(5) ar thréimhse íocaíochta 120 lá a shocrú ar an mbealach sin. Ós rud é gur de chineál eisceachtúil í an teorainn ama sin, ba cheart go mbeadh a fhios ag an gcreidiúnaí ar a laghad na cúiseanna ar mian leis an bhféichiúnaí í a shocrú agus ba cheart go mbeadh an deis aige a argóintí féin a chur ar aghaidh ionas nach rachaidh an tréimhse sin thar 60 lá féilire.

20 Measann an chúirt a rinne an tarchur, thairis sin, nach leor an fíoras gur féidir agóid a dhéanamh, os comhair údarás náisiúnta, i gcoinne clásal lena socraítear tréimhse íocaíochta is faide ná 60 lá féilire i gconradh arna thabhairt i gcrích tar éis glao poiblí ar thairiscintí chun a mheas go gcomhlíontar an chéad choinníoll a leagtar síos in Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7, a mhéid a bheadh mar thoradh ar agóid den sórt sin 'cinneadh ceannasach de chuid eintitis atá lasmuigh den chonradh féin' maidir leis an tréimhse íocaíochta is infheidhme.

21 Ar deireadh, measann an chúirt sin go dtacaítear le léiriú den sórt sin ar an gcéad choinníoll sin leis an dara coinníoll a leagtar síos in Airteagal 3(5), ar dá réir nár cheart coinníoll conarthach sainráite tréimhse íocaíochta is faide ná 60 lá féilire, de mhaolú ar an riail ghinearálta gurb é 60 lá féilire an uastréimhse íocaíochta, a bheith ina 'mhí-úsáid fhollasach maidir leis an gcreidiúnaí de réir bhrí Airteagal 7 [den Treoir sin]'. De réir na cúirte sin, d'fhonn a bheith in ann measúnú den sórt sin a dhéanamh maidir leis na conarthaí atá i gceist, is é an staid eacnamaíoch nach mór a chur san áireamh ná staid eacnamaíoch an chreidiúnaí tráth a thugtar na conarthaí sin i gcrích.

22 Sna himthosca sin, chinn Sąd Rejonowy Katowice – Wschód w Katowicach (an Chúirt Dúiche, Katowice Thoir, Katowice) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An gcaithfear Airteagal 3(5) de Threoir [2011/7] a léiriú sa chaoi nach féidir coinníoll sainráite arna dhéanamh ag na cuideachtaí lena bhforáiltear do thréimhse íocaíochta ar faide í ná 60 lá a chur san áireamh ach amháin i gconarthaí nár dhréachtaigh go heisiach ceann amháin de na páirtithe sa chonradh na téarmaí conarthacha go haontaobhach?’

Nós imeachta os comhair na Cúirte

23 I bhfianaise na mbarúlacha i scríbhinn arna dtíolacadh ag na páirtithe agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le, *inter alia*, P. a aicmiú mar ‘údarás poiblí’ de réir bhrí Airteagal 2(2) de Threoir 2011/7, chuir an Chúirt iarraidh ar fhaisnéis chuig an gcúirt a rinne an tarchur, ag iarraidh uirthi a dheimhniú gur ‘gnóthas’ í an chuideachta sin de réir bhrí Airteagal 2(3) den Treoir sin, agus na critéir ba chúis leis an aicmiú sin a shonrú, d’fhonn a chinneadh an dtagann an cás sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme Airteagal 3(5) den Treoir sin, ina dtagraítear d’idirbhearta idir gnóthais, agus ní faoi raon feidhme Airteagal 4(4) den Treoir sin, ina dtagraítear d’idirbhearta idir gnóthais agus údaráis phoiblí.

24 Ina freagra, a fuarthas ag an gCúirt an 4 Deireadh Fómhair 2023, dheimhnigh an chúirt a rinne an tarchur gur ‘gnóthas’ é P. de réir bhrí Airteagal 2(3).

Breithniú ar an gceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Inghlacthacht

25 Áitíonn Rialtas na Gearmáine go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha a mhéid nár léirigh an chúirt a rinne an tarchur, de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá, go mbraitheann an cinneadh nach mór di a thabhairt sna príomhimeachtaí ar an bhfreagra ar an gceist a tarchuireadh chun réamhrialú. Dar leis an rialtas sin, braitheann an cinneadh a rinne an chúirt a rinne an tarchur ní hamháin ar an tréimhse íocaíochta 120 lá a leagtar síos sna conarthaí atá i gceist a bheith sonraithe go sainráite, de réir bhrí Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7, ach freisin ar cibé an ionann tréimhse den sórt sin agus mí-úsáid fhollasach maidir leis an gcreidiúnaí, de réir bhrí na forála sin, gan, áfach, rialú a thabhairt ar an ábhar sin agus gan tagairt a dhéanamh don phointe dlí sin ina ceist.

26 I gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, is faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid sna príomhimeachtaí os a comhair, agus nach mór di freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, a chinneadh, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis atá os a comhair, an gá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na ceiste a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte araon a chinneadh. Dá bhrí sin, i gcás ina mbaineann an cheist a tharchuirtear le léiriú nó bailíocht rialach de chuid dhlí an Aontais, tá toimhde ábharthachta aici agus tá sé de cheangal ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt. Ní fhéadfaidh an Chúirt diúltú rialú a dhéanamh ar cheist den sórt sin ach amháin i gcás inar léir go soiléir nach bhfuil baint ar bith ag léiriú nó measúnú bhailíocht rialach de chuid AE atá á lorg le fíorais iarbhír na príomhghníomhaíochta nó lena cuspóir, i gcás ina bhfuil an fhadhb

hipitéiseach, nó i gcás nach bhfuil an t-ábhar fíorasach nó dlíthiúil ag an gCúirt is gá chun freagra úsáideach a thabhairt ar an gceist a cuireadh faoina bráid (féach, chuige sin, breithiúnais an 22 Samhain 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Aistriú – Cannabas teiripeach)*, C-69/21, EU:C:2022:913, mír 41, agus an 11 Eanáir 2024, *Inditex*, C-361/22, EU:C:2024:17, míreanna 28 agus 29).

27 Sa chás seo, iarrann an chúirt a rinne an tarchur léiriú ar Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7, chun a chinneadh an féidir téarma i gconarthaí a aicmíonn sí a bheith inchomparáide le conarthaí caighdeánacha, lenar shocraigh an féichiúnaí go haontaobhach ag 120 lá tréimhse íocaíochta do na sonraisc atá dlite faoi na conarthaí sin, in ionad na 60 lá dá bhforáiltear san fhoráil sin, a aicmiú mar rud ‘a shonraítear go sainráite ar bhealach eile le conradh’, de réir bhrí na forála sin, agus chun rialú a thabhairt ar an éileamh ó A ar ús mainneachtana a íoc i leith na méideanna atá dlite faoi na conarthaí sin.

28 Dá bhrí sin, tá an tarchur chun réamhrialú inghlactha.

Substaint

29 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis an bhfrása ‘a shonraítear go sainráite ar bhealach eile le conradh’ san fhoráil sin ar théarma conarthach lena socraítear tréimhse íocaíochta is faide ná 60 lá féilire arna chinneadh go haontaobhach ag an bhféichiúnaí.

30 Faoi Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7, ní mór do na Ballstáit a áirithiú nach rachaidh an tréimhse íocaíochta a shocraítear sa chonradh thar 60 lá féilire, mura bhfuil sé sonraithe go sainráite ar bhealach eile le conradh agus ar choinníoll nach ionann sin agus mí-úsáid fhollasach maidir leis an gcreidiúnaí de réir bhrí Airteagal 7 den Treoir sin.

31 Dá bhrí sin, ceadaítear le hAirteagal 3(5) imeacht ón uastréimhse íocaíochta 60 lá féilire dá bhforáiltear ann, faoi réir dhá choinníoll charnacha. Ar an gcéad dul síos, ní mór tréimhse den sórt sin a bheith ‘sonraithe go sainráite [...] de réir conartha’. Ar an dara dul síos, ní féidir leis an tréimhse a shonraítear amhlaidh a bheith ina ‘mhí-úsáid fhollasach maidir leis an gcreidiúnaí de réir bhrí Airteagal 7’ den Treoir sin.

32 A mhéid a cheadaítear le hAirteagal 3(5) imeacht ón uastréimhse íocaíochta 60 lá féilire a leagtar síos sa chonradh, ní mór é a léiriú go docht (féach, de réir analaí, breithiúnas an 13 Meitheamh 2024, *D. (Locht i ndearadh innill)*, C-411/23, EU:C:2024:498, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Maidir leis an gcéad choinníoll carnach, arb é is ábhar don cheist a tarchuireadh, ós rud é nach ndéantar aon tagairt shainráite in Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7 do dhlí na mBallstát chun brí agus raon feidhme an fhrása ‘a shonraítear go sainráite ar bhealach eile le conradh’ a chinneadh, leanann sé ó cheanglais chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus phrionsabal an chomhionannais araon nach mór a chinneadh de ghnáth, ar fud an Aontais Eorpaigh, léiriú uathrialach agus aonfhoirmeach, nach mór a lorg agus foclaíocht an fhrása sin á cur san áireamh, ach freisin comhthéacs na forála ina bhfuil an léiriú sin le feiceáil, chomh maith le haidhmeanna na forála sin agus aidhmeanna an ghnímh de dhlí an Aontais ar cuid de é (féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Iúil 2020, *RL (Treoir maidir le híocaíocht dhéanach)*, C-199/19, EU:C:2020:548, mír 27, agus an 1 Nollaig 2022, *X (Soláthairtí trealamh leighis)*, C-419/21, EU:C:2022:948, mír 21).

34 Cé nach bhfágann foclaíocht Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7, ann féin, gur féidir a chinneadh an féidir téarma lena socraítear tréimhse íocaíochta is faide ná 60 lá féilire atá i gconradh a ndearna an féichiúnaí a inneachar a chinneadh go haontaobhach agus go hiomlán a aicmiú mar rud ‘a shonraítear go sainráite ar bhealach eile le conradh’, de réir bhrí na forála sin, tugtar le tuiscint leis an gceanglas maidir le coinníoll sainráite, mar sin féin, ag féachaint do na doiciméid chonarthacha go léir agus do na téarmaí atá sa chonradh sin, gur féidir a shuí gur léirigh na páirtithe sa chonradh go raibh sé de rún comhsheasmhach acu a bheith faoi cheangal go beacht ag an gclásal lena leagtar síos uastréimhse íocaíochta a imíonn ón uastréimhse 60 lá féilire a leagtar síos san fhoráil sin.

35 Dá bhrí sin, ceanglaítear le hAirteagal 3(5) de Threoir 2011/7 go gcuirfí rún comhsheasmhach in iúl ar thaobh na bpáirtithe sin tráth a thugtar an conradh i gcrích a théann níos faide ná an tagairt shainráite amháin do thréimhse den sórt sin i dtéarma conarthach, is cuma an ionann an conradh ina bhfuil an téarma sin le feiceáil, go hiomlán nó go páirteach, agus conradh caighdeánach nó conradh comhchosúil.

36 Féadfar ceanglas den sórt sin a chomhlíonadh, ní hamháin i gcás ina bhfuil téarma den sórt sin caibidlithe go leithleach ag na páirtithe, ach freisin, go háirithe i gcomhthéacs conartha chaighdeánaigh, i gcás inar aibhsigh ceann de na páirtithe sin an téarma lena mbaineann sna doiciméid chonarthacha ar bhealach ina ndéantar idirdhealú soiléir idir é agus téarmaí eile an chonartha, rud a fhágann go bhfuil sé soiléir gur maolú é agus, ar an gcaoi sin, a chur ar chumas an pháirtí eile aontú dó agus láneolas aige ar na fíorais.

37 Tá an léiriú sin ar Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7 i gcomhréir le cuspóirí ginearálta na Treorach sin agus le cuspóir na forála sin go háirithe.

38 Mar is léir ó Airteagal 1(1) den Treoir sin, arna léamh i bhfianaise aithris 12 de, is é is cuspóir dó íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála a chomhrac agus modh mearíocaíochta a bhunú, d’fhonn feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar iomaíochas, go háirithe, fiontar beag agus meánmhéide (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Iúil 2020, *RL (Treoir maidir le híocaíocht dhéanach)*, C-199/19, EU:C:2020:548, mír 35).

39 Ina theannta sin, leanann sé ó aithris 13 den Treoir sin gurb ionann Airteagal 3(5) den Treoir sin agus léiriú ar na cuspóirí sin sa mhéid is go bhféachtar leis an bhforáil sin leis an gcreidiúnaí a chosaint go héifeachtach ar íocaíocht dhéanach trí thréimhse íocaíochta nach faide ná 60 lá féilire a bhunú, nach bhféadfar imeacht uaithi ach amháin ón dá choinníoll charnacha a leagtar amach inti, dá dtagraítear i mír 31 den bhreithiúnas seo.

40 Ar deireadh, ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) de Threoir 2011/7, nach mór do shocrú tréimhse íocaíochta is faide ná 60 lá féilire a eascraíonn as coinníoll sainráite idir an creidiúnaí agus an féichiúnaí an dara coinníoll a leagtar síos san fhoráil sin a chomhlíonadh freisin. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh an fhoráil sin a bheith ina ‘mí-úsáid fhollasach maidir leis an gcreidiúnaí de réir bhrí Airteagal 7’ den Treoir sin. Is léir ó aithris 28 sa bhrollach a ghabhann leis an Treoir sin go gcuirtear cosc leis an Treoir sin ar mhí-úsáid na saoirse conarthaí chun aimhleasa an chreidiúnaí. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Treoir sin, foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag téarma atá éagórach go follasach nó go n-eascróidh caingean as maidir le cúiteamh as an damáiste a bhain don chreidiúnaí mar thoradh ar a chur i bhfeidhm.

41 Faoi phointí (a) go (c) den dara fomhír d'Airteagal 7(1) de Threoir 2011/7, chun a chinneadh an bhfuil téarma conarthach ina mhí-úsáid fhollasach maidir leis an gcreidiúnaí, ní mór imthosca uile an cháis a chur san áireamh, lena n-áirítear aon diallas follasach ó dhea-chleachtas agus ó chleachtas tráchtála, contrártha le meon macánta agus le húsáid chóir, cineál an táirge nó na seirbhíse agus, go háirithe, na himthosca ina bhfuil aon chúis oibiachtúil ag an bhféichiúnaí imeacht ón tréimhse íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7.

42 Leanann sé go háirithe ón gceanglas deireanach sin, beag beann ar aon cheannasacht eacnamaíoch atá ag an bhféichiúnaí ina chaidreamh leis an gcreidiúnaí, go bhfuil cosaint éifeachtach an chreidiúnaí in aghaidh úsáid gan údar a bheith á baint ag an bhféichiúnaí as téarma conarthach lena bhforáiltear do thréimhse íocaíochta is faide ná 60 lá féilire ráthaithe go hiomlán i gcónaí, cé go n-eascraíonn an téarma sin as foráil shainráite a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 34 agus 35 thuas.

43 Sa chás seo, faoi réir na bhfíoruithe atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, maíonn A., ar an gcéad dul síos, nach raibh sé riamh in ann an clásal a bhaineann le tréimhsí íocaíochta 120 lá a bhí sa chonradh samplach atá i gceangal leis na sonraíochtaí tairisceana arna dtarraingt suas ag P. a chaibidliú agus, ar an dara dul síos, nach bhféadfaí na conarthaí atá i gceist a thabhairt i gcrích ach amháin tar éis do A. glacadh leis na coinníollacha arna leagan síos go haontaobhach ag P.

44 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, ar an gcéad dul síos, a fháil amach an féidir a shuíomh, ag féachaint do na doiciméid chonarthacha uile agus do na téarmaí atá sa chonradh sin, gur chuir A. agus P. in iúl go raibh rún comhsheasmhach acu a bheith faoi cheangal go beacht ag na téarmaí conarthacha lena bhforáiltear do thréimhse de mhaolú ar an tréimhse íocaíochta 60 lá féilire a leagtar síos in Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7. Ar an dara dul síos, is faoin gcúirt sin atá sé a fhíorú, i bhfianaise na dtosca a leagtar amach in Airteagal 7 den Treoir sin, an bhféadfadh úsáid na gclásal sin a bheith ina mí-úsáid fhollasach maidir le A. agus, más amhlaidh atá, na hiarmhairtí a leagtar síos chun na críche sin leis an dlí náisiúnta a tharraingt anuas.

45 I bhfianaise na gcúiseanna go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tarchuireadh ná nach mór Airteagal 3(5) de Threoir 2011/7 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis an bhfrása 'sonraítear go sainráite ar bhealach eile le conradh' ar théarma conarthach lena socraítear tréimhse íocaíochta is faide ná 60 lá féilire a chinneadh go haontaobhach ag an bhféichiúnaí, mura féidir a shuíomh, ag féachaint do na doiciméid chonarthacha agus na téarmaí conarthacha go léir atá sa chonradh sin, gur léirigh na páirtithe sa chonradh sin go raibh rún comhsheasmhach acu a bheith faoi cheangal go beacht ag an téarma lena mbaineann.

Costais

46 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 3(5) de Threoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis, tríd an nath ‘a shonraítear go sainráite ar bhealach eile le conradh’, ar théarma conarthach lena socraítear tréimhse íocaíochta is faide ná 60 lá féilire a bheith cinntithe go haontaobhach ag an bhféichiúnaí, ach amháin más féidir a shuí, ag féachaint do na doiciméid chonarthacha uile agus do na téarmaí atá sa chonradh sin, go bhfuil sé curtha in iúl ag na páirtithe sa chonradh sin go bhfuil rún comhsheasmhach acu a bheith faoi cheangal go beacht ag an téarma lena mbaineann.

Sínithe